CUMANN na bhFIANN

# SAINCHUNTAS POIST

**Teideal an Phoist:** Riarthóir Oifige

**Freagrach do:** Bainisteoir Riaracháin

**Scála Tuarastail (cineál agus grád) & Pinsean:**
Scála státseirbhíse an Oifigigh Chléireachais. *Tá an post seo maoinithe ag Foras na Gaeilge.*

**Tuarastal:** €25,087 - €41,092 (i gcomhréir le cáilíochtaí agus taithí)

**Tréimhse an Chonartha:** Trí bliana

**Uaireanta Oibre:**
Is idir 9.30r.n. agus 5.30i.n. go laethúil, Luan go hAoine na gnáthuaireanta oibre. Am lóin ó 1.00 i.n. – 2.00 i.n. D'fhéadfadh go mbeadh uaireanta oibre lasmuigh de na hamanna seo i gceist ó am go ham.

**Saoire:**
Saoire bhliantúil le pá de 21 lá atá i gceist agus aon saoire phoiblí a cheadófar go náisiúnta.

**Cáilíochtaí & Scileanna:**

- Ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta;
- Taithí ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le daoine ag gach leibhéal;
- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhairt agus scríobh;
- Scileanna ríomhaireachta;
- Ardscileanna eagrúcháin agus riaracháin;
- Taithí agus tuiscint ar obair airgeadais TAS/SAGE mar bhuntáiste;

**Príomhdhualgais an Phoist:**

Beidh an Riarthóir Oifige freagrach, mar chuid d'fhoireann trasfheidhmiúil, as:

- seirbhís fáilteora a sholáthar do Choláiste na bhFiann;
- postas na hoifige a chomhordú;
- taifead ar chaiteachas agus ioncaim;
- eolas a chur ar fáil don phobal faoi obair na heagraíochta;
- ábhar bolscaireachta faoi obair na heagraíochta a ullmhú agus a scaipeadh.
- córais chomhaid éifeachtach a choinneáil don eagraíocht, idir crua agus leictreonach;
- bunachar sonraí na heagraíochta a choinneáil suas chun dáta;
- tacaíocht leanúnach a chur ar fáil d'fhoireann na hoifige chun an oifig a riar;
- eagrú ócáidí/seimineáir eolais;
- aon obair eile a shocraíonn an bhainistíocht.

**Áit lonnaithe:**

Beidh an post seo lonnaithe i gceanncheathrú na heagraíochta, i nDroim Rí, Co. na Mí